# Treoirlínte d'iarratasóirí

# SCÉIM NA FOILSITHEOIREACHTA (2024-2026)

**Treoirlínte:**
Cuireann na treoirlínte seo eolas ar fáil faoi Scéim na Foilsitheoireachta (2024-2026).

Cuideoidh siad leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil d'eagraíocht cáilithe le cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, sula dtabharfaidh tú faoin iarratas a chomhlánú.

## 1. Mar gheall ar an scéim seo

Tá maoiniú á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge d'fhoilsitheoirí in Éirinn atá ag foilsiú i nGaeilge go príomha.

### Aidhmeanna

- Scríbhneoireacht, foilsitheoireacht agus léitheoireacht i nGaeilge a chothú i measc réimse leathan de spriocphobail léitheoireachta
- Saothair litríochta i nGaeilge atá ar ardchaighdeán maidir le hábhar agus le cur i láthair a chur os comhair an phobail
- Eolas faoi fhoilsitheoireacht na Gaeilge a chur os comhair an phobail

Cur chuige céimnitheach atá beartaithe sa scéim seo, le fócas dírithe, ag brath ar staid forbartha an iarratasóra.

Aithnítear trí chéim forbartha faoin scéim seo**, ardchéim, meánchéim** agus **bunchéim**.

1. San **ardchéim** tugtar aitheantas d'fhoilsitheoirí **fadbhunaithe a bhfuil dul chun cinn suntasach déanta mar aon le deiseanna forbartha aitheanta** acu i réimse na foilsitheoireachta Gaeilge.

2. Tá an **mheánchéim** dírithe ar fhoilsitheoirí fadbhunaithe a bhfuil **dul chun cinn áirithe déanta mar aon le deiseanna forbartha aitheanta** acu i réimse na foilsitheoireachta Gaeilge.

3. Tá an **bhunchéim**[1] dírithe ar fhoilsitheoirí nua nach raibh faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2023 agus **a bhfuil deiseanna forbartha aitheanta** acu i réimse na foilsitheoireachta Gaeilge.

Tréimhse mhaoinithe **trí bliana (1 Eanáir 2024-31 Nollaig 2026)** atá ar fáil d'iarratasóirí, agus beidh uasmhéid an mhaoinithe ag brath ar incháilitheacht faoi réir na staide forbartha agus chomhlíonadh na gcritéar thíosluaite.

[1] Maoineofar dhá fhoilsitheoir nua ar a mhéad ag an mbunchéim faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2024-2026.

Beidh an scéim iomaíoch seo oscailte d'iarratasóirí, idir dheontaithe reatha agus iarratasóirí nua, ó áit ar bith in Éirinn, agus caithfear le gach uile iarratas ar an dóigh chéanna tríd an bpróiseas measúnaithe.

De bhrí gur scéim iomaíoch í, ní féidir barántas a thabhairt go gcuirfear maoiniú ar fáil faoin scéim do cheann ar bith de na deontaithe reatha. Tá súil againn go mbeidh éileamh mór ar an scéim seo agus beidh maoiniú le tairiscint do líon teoranta iarratasóirí.

Is le hairgead poiblí a bhronntar deontais, agus tá dualgais reachtúla ar Fhoras na Gaeilge luach ar airgead gach tionscadail mhaoinithe a dheimhniú.

Molann Foras na Gaeilge d'iarratasóirí cómhaoiniú a lorg le haghaidh tionscadal, nuair is cuí, agus comhoibriú le heagraíochtaí eile leis an luach is fearr a fháil ó dheontas Fhoras na Gaeilge.

**2. An féidir linne cur isteach air?**

Le bheith incháilithe le cur isteach ar an scéim seo caithfidh d'eagraíocht a bheith in ann na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh;

- Eagraíocht faoi stiúir coiste nó boird le sainróil deimhnithe, le bunreacht, ráiteas bainc cothrom le dáta in ainm an iarratasóra agus cuntais deimhnithe ag cuntasóir cairte, sonraí cánach agus seicliosta um chumhdach leanaí, má bhaineann, **nó** comhlacht, gnólacht, trádálaí aonair cláraithe le meabhráin agus airteagail agus ráiteas bainc cothrom le dáta
- Cuntas bainc a bheith acu in ainm na heagraíochta, atá faoi stiúir choiste nó bhord na heagraíochta
- Cóip shínithe agus dhátaithe de bhunreacht nó meabhrán agus airteagail chomhlachais, mar is cuí

**A. An ardchéim**

Le bheith incháilithe cur isteach ar an ardchéim, ní mór d'eagraíocht na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- **5 leabhar nua** foilsithe faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2022
- Plean bliana (2024) (táirgeacht, costais foirne nó oifige, margaíocht, eile) a bheith curtha ar fáil
- Cóip den phlean straitéiseach is déanaí atá ag an eagraíocht a bheith curtha ar fáil
- Stíl tí eagarthóireachta a bheith curtha ar fáil
- Gan a ndóthain acmhainne a bheith ag an eagraíocht leis an tionscadal a reáchtáil iad féin, i.e. go bhfuil gá le maoiniú
- Cumas na heagraíochta foinsí ioncaim nó maoinithe eile a aimsiú agus a bhainistiú a thacóidh le cur i bhfeidhm phlean straitéiseach na heagraíochta

**B. An mheánchéim**

Le bheith incháilithe cur isteach ar an meánchéim, ní mór d'eagraíocht na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- **Leabhar nua amháin** foilsithe faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2022
- Plean bliana le haghaidh 2024 ina sonraítear táirgeacht, costais foirne agus oifige, margaíocht agus eile a bheith curtha ar fáil
- Cóip den phlean straitéiseach is déanaí atá ag an eagraíocht a bheith curtha ar fáil
- Stíl tí eagarthóireachta a bheith curtha ar fáil
- Gan a ndóthain acmhainne a bheith ag an eagraíocht leis an tionscadal a reáchtáil iad féin, i.e. go bhfuil gá le maoiniú
- Cumas na heagraíochta foinsí ioncaim nó maoinithe eile a aimsiú agus a bhainistiú a thacóidh le cur i bhfeidhm phlean straitéiseach na heagraíochta

**C. An bhunchéim**

Glacfaimid le hiarratais **ó fhoilsitheoirí nua nach raibh faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2023.**

Le bheith incháilithe cur isteach ar an mbunchéim, ní mór d'eagraíocht na critéir cháilitheacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- Plean bliana le haghaidh 2024 ina sonraítear táirgeacht, costais foirne agus oifige, margaíocht agus eile a bheith curtha ar fáil
- Stíl tí eagarthóireachta a bheith curtha ar fáil
- Gan a ndóthain acmhainne a bheith ag an eagraíocht leis an tionscadal a reáchtáil iad féin, i.e. go bhfuil gá le maoiniú
- Cumas na heagraíochta foinsí ioncaim nó maoinithe eile a aimsiú agus a bhainistiú a thacóidh le cur i bhfeidhm phlean straitéiseach na heagraíochta

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilitheacha seo.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith de na critéir cháilitheacha, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta.

**3. Cé mhéad maoiniú is féidir linn a fháil?**

Is féidir maoiniú trí bliana a fháil ag tosú in Eanáir 2024. Má éiríonn le hiarratas, agus ag brath ar chiste na scéime, déanfaimid an maoiniú seo a leanas a thairiscint **ar bhonn bliantúil don tréimhse 1 Eanáir 2024-31 Nollaig 2026**:

- **An ardchéim:** €180,000 ar a mhéad sa bhliain
- **An mheánchéim:** €80,000 ar a mhéad sa bhliain
- **An bhunchéim**: €10,000 ar a mhéad sa bhliain

Beidh maoiniú bhliain a dó ag brath ar fheidhmíocht shásúil i mbliain a haon agus beidh sin amhlaidh gach bliain eile le linn thréimhse na scéime.

**Tabhair do d'aire** go mbeidh an leibhéal deontais a bhronnfar ar iarratasóirí éagsúla faoi gach céim ag brath ar chaighdeán an iarratais. Má bhíonn tearcéileamh faoi chéim ar bith, déanfar gach iarracht an maoiniú a aistriú chuig na céimeanna eile ag brath ar an éileamh agus ar an riachtanas. **Má thagann athrú ar bhuiséad bliantúil Chlár na Leabhar Gaeilge le linn thréimhse na scéime, is féidir go leasófar na huasmhéideanna faoi gach céim agus/nó an leibhéal deontais a bhronnfar dá réir.**

**Costais incháilithe**

Beidh na costais sa tábla thíos incháilithe faoin scéim do gach deontas bliantúil a cheadófar. Tabhair faoi deara **nach bhfuil** na huasmhéideanna seo inaistrithe ó chostas amháin go dtí costas nó costais eile.

| Táirgeacht | Ranníocaíochtaí i dtreo costais foirne nó oifige | Margaíocht | Caiteachas Eile |
|---|---|---|---|
| Uasmhéid 100% den deontas bliantúil | Uasmhéid 40% den deontas bliantúil | Uasmhéid 30% den deontas bliantúil | Uasmhéid 30% den deontas bliantúil |

**Costais neamh-incháilithe**

Beidh na costais thíos neamh-incháilithe faoin scéim do gach deontas bliantúil a cheadófar:

- caiteachas caipitil
- urraíocht
- costais a tharlaíonn sula dtairgfimid deontas duit
- costais a bhfuil ceadúnas pleanála de dhíth ina leith
- costais atá míréasúnta i dtuairim Fhoras na Gaeilge
- míreanna atá de fhreagracht maoinitheoirí eile, dúbláil ar aon tionscadal atá ann cheana féin

**4. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?**

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheasúnú. Tá critéir mheasúnaithe na scéime leagtha amach thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéar seo. Is gá **65% ar a laghad** a fháil le go mbronnfar deontas ar an iarratasóir.

| **An ardchéim** | |
|---|---|
| **Riachtanais** | **Marc** |
| An gá atá leis an maoiniú | 10 |
| | |
| **Caighdeán na bpleananna** | |
| Plean straitéiseach na heagraíochta | 30 |
| Plean bliana le haghaidh 2024 | 15 |
| Eolas faoi fhoilsitheoireacht na Gaeilge a chur os comhair an phobail | 10 |
| Stíl tí eagarthóireachta | 5 |
| | |
| **Cumas na heagraíochta** | |
| Cumas bainistíochta na heagraíochta | 20 |
| Cumas bainistíochta airgeadais na heagraíochta | 10 |
| | |
| **Iomlán** | **100** |

| **An mheánchéim** | |
|---|---|
| **Riachtanais** | **Marc** |
| An gá atá leis an maoiniú | 10 |
| | |

| | |
|---|---|
| **Caighdeán na bpleananna** | |
| Plean straitéiseach na heagraíochta | 30 |
| Plean bliana le haghaidh 2024 | 15 |
| Eolas faoi fhoilsitheoireacht na Gaeilge a chur os comhair an phobail | 10 |
| Stíl tí eagarthóireachta | 5 |
| | |
| **Cumas na heagraíochta** | |
| Cumas bainistíochta na heagraíochta | 20 |
| Cumas bainistíochta airgeadais na heagraíochta | 10 |
| | |
| **Iomlán** | **100** |

| **An bhunchéim** | |
|---|---|
| **Riachtanais** | **Marc** |
| An gá atá leis an maoiniú | 10 |
| | |
| **Caighdeán na bpleananna** | |
| Plean bliana le haghaidh 2024 | 30 |
| Eolas faoi fhoilsitheoireacht na Gaeilge a chur os comhair an phobail | 20 |
| Stíl tí eagarthóireachta | 5 |
| | |
| **Cumas na heagraíochta** | |
| Cumas bainistíochta na heagraíochta | 25 |
| Cumas bainistíochta airgeadais na heagraíochta | 10 |
| | |
| **Iomlán** | **100** |

### Coinníollacha ar leith

- **Formáid na leabhar:** Cuireann Foras na Gaeilge fáilte ar leith roimh iarratais ar fhoilseacháin i bhformáidí éagsúla a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla an phobail léitheoireachta Gaeilge e.g. leabhair chlóite, ríomhleabhair, closleabhair.
- **Athchlónna**: Ní ghlacann Foras na Gaeilge le plean foilsitheoireachta atá bunaithe ar athchlónna amháin. Tá sé de cheart ag foilsitheoirí athchlónna a chur ar an bhfoirm iarratais agus beidh na leabhair sin **le meas ceann ar cheann**.
- **Inphrionta(í) an fhoilsitheora**: Tá sé de chead ag foilsitheoirí leabhair nó leabhar a bhaineann le hinphrionta(í) an fhoilsitheora a chur ar an bplean foilsitheoireachta. Déanfaimid na leabhair seo a mheas ceann ar cheann.
- **Leabhair ilteangacha:** Tá sé de chead ag foilsitheoirí leabhair ilteangacha a chur ar an bplean ach an bunsaothar a bheith i nGaeilge. Déanfaimid na leabhair seo a mheas ceann ar cheann. I gcás aistriúchán agus leabhair ilteangacha, ba cheart a shonrú cén teanga(cha) eile atá i gceist.
- **Aistriúcháin**: Ní ghlacann Foras na Gaeilge le plean foilsitheoireachta atá bunaithe ar aistriúcháin ná comheagráin amháin. Tá sé de cheart ag aon fhoilsitheoir atá **ag foilsiú cúig leabhar nó níos mó faoin bplean bliana, suas le 20% de líon na leabhar a bheith ina aistriúchán ó aon teanga**, **Béarla san áireamh.** Is gá aistriúcháin nó comheagráin ó Bhéarla go Gaeilge a dhíriú ó thaobh aoisghrúpa de ar léitheoirí os cionn sé bliana d'aois. Ní bheidh cead an céatadán seo a shárú trí athrú plean a dhéanamh.

- **Aistriúchán nó leagan Béarla:** Má fhaigheann teideal maoiniú faoi Scéim na Foilsitheoireachta, is gá fanacht dhá bhliain ar a laghad sula bhfoilseofaí aistriúchán nó leagan Béarla den saothar sin ach amháin sa chás gur i dtír eile seachas oileán na hÉireann a bheadh an t-aistriúchán á fhoilsiú agus á dháileadh.

**Coinníollacha maidir le foilsiú na leabhar**

- Ní mór do thithe foilsitheoireachta cúram a dhéanamh de chaighdeán an ábhair atá siad a fhoilsiú, ó thaobh eagarthóireachta agus dearadh de, mar shampla, agus a chinntiú go bhfuil na leabhair a fhoilsítear ar ardchaighdeán.
- Ní mór do thithe foilsitheoireachta a fhaigheann maoiniú faoin scéim seo aitheantas a thabhairt do thacaíocht Fhoras na Gaeilge ar a gcuid foilseachán. Moltar an fhoclaíocht seo a leanas, nó a leithéid chéanna, a chur san áireamh ar leathanach brollaigh an fhoilseacháin: "Tá <ainm an fhoilsitheora> buíoch d'Fhoras na Gaeilge as tacaíocht airgeadais a chur ar fáil".
- Ní mór do thithe foilsitheoireachta lógó Fhoras na Gaeilge a léiriú ar leathanach brollaigh an fhoilseacháin chomh maith.
- Ní mór do thithe foilsitheoireachta **dhá chóip chrua** de gach leabhar a fhoilseofar faoin scéim a chur ar fáil do Chlár na Leabhar Gaeilge, Foras na Gaeilge.
- Ní mór do thithe foilsitheoireachta a fhaigheann maoiniú faoin scéim seo, agus a bhfuil a leabhair á ndáileadh trí Áis, bileog réamheolais i leith gach leabhair a chur ar fáil d'Áis **ar a laghad sé seachtaine roimh dháta foilsithe an leabhair sin**.

**Gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú tríd an scéim**

- Féinfhoilsitheoireacht amháin ná foilsitheoireacht aon uaire. Is gá cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil i gceist leanúint leis an bhfoilsitheoireacht agus leabhair le daoine seachas úinéirí nó stiúrthóirí an chomhlachta a fhoilsiú.
- Téacsleabhair scoile, ná aistriúcháin ón mBéarla nó comheagráin ón mBéarla seachas mar atá sonraithe sna coinníollacha thuasluaite.
- Plean foilsitheoireachta atá bunaithe ar aistriúcháin, comheagráin nó athchlónna amháin.
- Iarratas nach bhfuil bunaithe ar phlean cuimsitheach agus cur chuige gairmiúil.

**5. Cad é mar a chuirfimid isteach air?**

Sula dtabharfaidh tú faoin bhfoirm iarratais a chomhlánú léigh na treoirlínte ina n-iomláine arís agus déan cinnte go gcomhlíonann d'eagraíocht critéir cháilitheacha na scéime faoi mhír 2 thuas.

Is tríd an gcóras ar líne amháin a ghlacfar le hiarratais don scéim seo. Ní ghlacfar le cóipeanna crua d'iarratais. Tá treoir ar gach ceist ar fáil ar an gcóras ar líne fad is go bhfuil tú ag tabhairt faoi gach ceist. Agus tú ag comhlánú an iarratais caithfidh tú gach ceist a fhreagairt.

Is é **12 meán lae Dé Máirt an 31 Deireadh Fómhair 2023** an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Faoin eagraíocht féin atá sé a dhéanamh cinnte go bhfuil an t-iarratas comhlánaithe agus curtha isteach in am. **Ní ghlacfaidh an córas ar líne le haon iarratas i ndiaidh an spriocdháta**.

Má tá aon cheist agat faoi ghné ar bith den iarratais, déan teagmháil le Foras na Gaeilge roimh an spriocdháta.

## 6. Cad é a tharlóidh dár n-iarratas?

Déanfar gach iarratas bailí a mheas faoi na critéir luaite i mír 3 thuas.

Cuirfear an cinneadh maoinithe in iúl d'eagraíochtaí tríd an gcóras ar líne. Gheobhaidh tú fógra tríd an gcóras iarratais ar líne agus teachtaireacht ag an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil.

Cealófar aon iarratas a ndéantar stocaireacht faoi le haon chomhalta boird nó le haon fhostaí de chuid Fhoras na Gaeilge.

Cealófar aon iarratas ina dtugtar eolas míchruinn.

Is é feidhmeannas Fhoras na Gaeilge atá freagrach as gach cinneadh faoi gach tionscadal atá le maoiniú, agus a chuirfidh gach cinneadh maoinithe i gcrích.

## 7. Má éiríonn lenár n-iarratas?

Má éiríonn le d'iarratas cuirfimid tairiscint chugat tríd an gcóras ar líne ina mbeidh gach eolas ábhartha maidir le híocaíocht agus monatóireacht dheontas na scéime.

Conradh dlíthiúil a bheidh sa tairiscint seo agus ní mór cloí le téarmaí agus coinníollacha an chonartha sin. Is féidir go ndéanfar aon sciar den deontas nó an deontas ar fad a chealú nó a aisghairm má sháraítear aon cheann de théarmaí nó choinníollacha an chonartha.

Ní mór cuntas bainc a bheith ann in ainm na heagraíochta, agus é a bheith faoi stiúir coiste nó boird. Is cóir gach íocaíocht ó dheontas Fhoras na Gaeilge a íoc as an gcuntas seo le go mbeidh cuntas scríofa ar fáil ar gach íocaíocht (e.g. seic, dochar díreach, cárta bainc a bhaineann leis an gcuntas, BACS etc.).

**Níl sé ceadmhach cárta pearsanta bainc nó creidmheasa nó eile a úsáid agus ní cheadófar aisíocaíochtaí ón gcuntas chuig cárta pearsanta in aon chás.**

**Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim.**

Ní dhéanfaidh Foras na Gaeilge aon mhaoiniú ar chaiteachas nach bhfuil ceadaithe roimh ré. Ní íocfar aon deontas go siarghabhálach.

## 8. Cad é mar is féidir liom aiseolas a thabhairt, gearán a dhéanamh nó achomharc a lorg?

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh aon mholtaí nó aiseolas a bheadh agat faoin scéim seo.

Má tá ábhar gearáin agat faoin scéim seo is féidir sin a chur in iúl d'Fhoras na Gaeilge chomh maith.

Tá córas achomhairc i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh a rinneadh maidir le d'iarratas, is féidir leat athbhreithniú a lorg i scríbhinn taobh istigh de cheithre lá dhéag ó dháta na tairisceana faoin gcinneadh. Ní mór gach iarraidh ar athbhreithniú a bhunú ar na cúiseanna seo amháin:

i. Go ndearna Foras na Gaeilge míléamh ar an eolas a tugadh i rith an mheasúnaithe.
ii. Gur imigh Foras na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil, ón bpróiseas measúnaithe féin.